**An chuid oibríochtúil**

Tá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013 ón gComhairle an 19 Samhain 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1578 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2017 neamhbhailí, a mhéid a sháraítear leis na ceanglais a leanann ó Airteagal 2(5) agus Airteagal 3(4), (6) agus (7) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den [Aontas] Eorpach iad.

(1) IO C 318, 22.8.2022

---

**Achomharc arna thabhairt an 23 Samhain 2022 ag QN i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra) a tugadh an 14 Meán Fómhair 2022 i gCás T-179/21, QN v an Coimisiún**

**(Cás C-720/22 P)**

(2023/C 278/17)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* QN (ionadaithe: N. Flandin agus L. Levi, avocates)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach

Le hordú an 27 Meitheamh 2023, rinne an Chúirt Bhreithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an t-achomharc a dhíbhe toisc é a bheith, i bpáirt, doghlactha go follasach agus, i bpáirt, gur léir nach raibh aon bhunús leis agus d'ordaigh sí go n-íocfaidh QN a chostais féin.

---

**Achomharc arna thabhairt an 25 Eanáir 2023 ag Grupa 'Lew' S.A. i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (An Séú Dlísheomra) an 8 Samhain 2022 i gCás T-672/21, Grupa 'Lew' S.A. v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-38/23 P)**

(2023/C 278/18)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Grupa 'Lew' S.A. (ionadaithe: A. Korbela, Radca prawny, M. Besler, Rzecznik patentowy)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Lechwerke AG

Le hordú an 13 Meitheamh 2023, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) gan ligean don achomharc dul ar aghaidh agus go n-íocfaidh an t-achomharcóir as a chostais féin.

---

**Achomharc arna thabhairt an 13 Feabhra 2023 ag Haskovo Chamber of Commerce and Industry i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a tugadh an 14 Nollaig 2022 i gCás T-526/20, Devin v EUIPO —Haskovo Chamber of Commerce and Industry**

**(Cás C-77/23 P)**

(2023/C 278/19)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Haskovo Chamber of Commerce and Industry (ionadaithe: D. Dimitrova, agus I. Pakidanska, Dlíodóirí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Devin EAD

Le hordú an 27 Meitheamh 2023, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus gur cheart do Haskovo Chamber of Commerce and Industry a chostais féin a íoc.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunalul Olt (an Rómáin) a taisceadh an 17 Márta 2023 – Prysmian Cabluri și Sisteme SA v Agenția Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Craiova – Direcția Regională Vamală Craiova Autoritatea Vamală Română Agenția Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili**

**(Cás C-168/23, Prysmian Cabluri și Sisteme)**

(2023/C 278/20)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunalul Olt

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Prysmian Cabluri și Sisteme SA

*Cosantóirí:* Agenția Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Craiova – Direcția Regională Vamală Craiova Autoritatea Vamală Română Agenția Națională de Administrare Fiscală – Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) Agus an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) á léiriú a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ([1]) ón gComhairle le tagairt do na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte na gComhphobal Eorpach, sa leagan atá i bhfeidhm ó dháta Teachtaireachta ón gCoimisiún Eorpach [maidir leis na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte na gComhphobal Eorpach (2007/C 296/02) (IO 2007 C 296, lch. 4), an féidir táirge comhdhéanta de chroíleacáin optúla [core] agus cumhdach optúil atá clúdaithe ag an gcéad bratú inmheanaigh le aicrioláit bhog agus ag an dara clúdú crua-aicrioláit daite seachtrach, córas brataithe (ar a dtugtar ColorLock), teacht faoi cheannteideal 8544 70 00 de?

2) I gcás freagra diúltach ar an gcéad cheist, an féidir leis na húdaráis chustaim náisiúnta, agus prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus cosaint ionchais dhlisteanacha á léiriú acu, neamhaird a thabhairt ar chinntí a rinne údarás custaim an Stáit sin nár chuir aicmiú an táirge sin faoi cheannteideal 8544 70 00 faoi cheist agus cinntí BTI freisin (lena n-áirithítear díolúine ó dhleachtanna custaim agus CBL) arna n-eisiúint ag údaráis chustaim eile, nó fiú ag cúirteanna i mBallstáit eile an Aontais Eorpaigh, de réir bhrí an aicmithe sin, gan an t-iompar sin a bheith ag sárú na bprionsabal maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an aicmithe taraife, mar atá leagtha amach in Airteagal 28 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus le cosaint ionchais dhlisteanacha arna n-aithint ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcur i bhfeidhm an dlí Eorpaigh?